

Treoirlínte

Maidir le cásanna phlean téarnaimh CPL (Airteagal 9(12) de CCPRRR)

I.	Raon feidhme.....	3
II.	Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínte	4
III.	Cuspóir.....	6
IV.	Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe.....	7
V.	Treoirlínte maidir le cásanna phleananna téarnaimh CPL	8
	Treoirlíne 1: Líon iomchuí na gcásanna a bheidh le háireamh i bpleananna téarnaimh CPL a bhunú.....	8
	Treoirlíne 2: Cineálacha agus foinsí riosca atá le cumhdach le cásanna de phlean téarnaimh CPL	9
	Treoirlíne 3: Prionsabail chun méid na gcásanna de phlean téarnaimh CPL a chinneadh 11	
	Treoirlíne 4: Faisnéis atá le cur san áireamh sa tuairisc ar chásanna de phlean téarnaimh CPL	12
	Treoirlíne 5: Cothabháil cásanna a bhaineann le pleananna téarnaimh CPL	12
VI.	Iarscríbhinní.....	13

I. Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm ag na Treoirí seo maidir le húdaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (7) d'Airteagal 2 de CCPRRR agus maidir le contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) arna n-údarú faoi Airteagal 14 de EMIR.

Céard atá i gceist?

2. Tá feidhm ag na Treoirí seo maidir le hAirteagal 9(12) de CCPRRR, lena dtugtar sainordú do ESMA raon na gcásanna plean téarnaimh ar cheart iad a mheas chun críocha phleananna téarnaimh CPL dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de CCPRRR a shonrú tuilleadh.
3. Ba cheart na Treoirí sin a léamh in éineacht le Treoirí ESMA maidir le táscairí phlean téarnaimh CPL (ESMA91-372-1702).

Cén uair?

4. Tá feidhm ag na Treoirí seo dhá mhí tar éis dháta a bhfoilsithe ar shuíomh gréasáin ÚEUM i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhíthe

Tagairtí reachtacha

CCPRRR	Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 ¹
EMIR	Rialachán (AE) 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ²
Rialachán ESMA	Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún ³
Rialachán Tarmligthe 152/2013	Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 152/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 maidir le ceanglais chaipitil ar chontrapháirtithe lárnacha ⁴
Rialachán Tarmligthe 153/2013	Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 152/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 maidir le ceanglais chaipitil ar chontrapháirtithe lárnacha ⁵

¹ IO L 22, 22.1.2021, lgh. 1-102.

² IO L 201, 27.7.2012, lch. 1

³ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

⁴ IO L 52, 23.2.2013, lch. 37.

⁵ IO L 52, 23.2.2013, lch. 41

<i>AE</i>	An tAontas Eorpach
<i>BERS</i>	An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach
<i>CE</i>	An Coimisiún Eorpach
<i>CEMA</i>	An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais
<i>CPL</i>	Contrapháirtí Lárnach
<i>ESMA</i>	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí
<i>LEE</i>	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Sainmhíithe

5. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear sna Treoirínte seo agus atá leo in CCPRRR, EMIR agus Rialacháin Tharmhligthe 152/2013 agus 153/2013.

III. Cuspóir

6. Tá na Treoirínte sin bunaithe ar Airteagal 9(12) de CCPRRR agus eisítear iad i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is cuspóir leis na treoirínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach Airteagal 7(9), Airteagal 17(1) agus Airteagal 17(4) de MAR a áirithiú. Is é is aidhm dóibh raon na gcásanna plean téarnaimh a shonrú a bheidh le breithniú ag CPLanna agus a bpleananna téarnaimh á dtarraingt suas agus á gcothabháil acu agus ag na húdaráis inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar na pleananna téarnaimh sin.
7. Is é an cuspóir a bhaineann le raon cásanna pleananna téarnaimh a ullmhú ná raon teagmhas réamhbhreathnaitheach a shainaithint a mbaineann anacair thromchúiseach leo, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar CPL aghaidh a thabhairt orthu, ar féidir éifeachtacht na mbeart téarnaimh agus leordhóthanacht na dtáscairí atá sa phlean téarnaimh do CPLanna a thástáil ina leith.

IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte

8. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
9. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go gcomhlíonfaidh gnólachtaí na treoirlínte.

Ceanglais tuairiscithe

10. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach é beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
11. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.
12. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.
13. Tuairisceoidh na CPLanna a bhfuil feidhm ag na Treoirlínte seo maidir leo dá n-údaráis inniúla, ar bhealach soiléir agus mionsonraithe, an gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo.

V. Treoirlínte maidir le cásanna phleananna téarnaimh CPL

Treoirlíne 1: Líon iomchuí na gcásanna a bheidh le háireamh i bpleananna téarnaimh CPL a bhunú

14. Ba cheart do CPL cás iarbhír amháin ar a laghad a áireamh ina phleananna téarnaimh i gcás gach ceann de na seacht gcineál cáis (mar a leagtar amach i dTábla 1 in larscríbhinn). Ba cheart don CPL gach ceann de na cásanna iarbhír sin a thógáil ar bhealach is fearr a oireann dá shaintréithe sonracha agus dá leibhéal castachta. Agus na cásanna iarbhír sin á bhforbairt, ba cheart don CPL an liosta “*saincheisteanna agus gnéithe nach mór a chur san áireamh agus an cás á thógáil*” a chur san áireamh *inter alia* (mar a leagtar amach i dTábla 1 san larscríbhinn).
15. De mhaolú ar an mír roimhe seo, féadfaidh CPL dhá chineál cáis a chomhcheangal in aon chás iarbhír amháin, ar choinníoll i) go gcumhdófar le meascán de chineálacha cásanna raon iomlán na dtoimhdí bunúsacha agus na mbreithnithe bunúsacha (i.e. na “*heisiúintí agus na gnéithe nach mór a chur san áireamh agus an cás á thógáil*”) chomh maith le gach cineál agus foinse riosca ábhartha atá os comhair an CPL; ii) go bhfuil réasúnaíocht ag gabháil leis an gcomhcheangal sin lena mínítear an réasúnaíocht taobh thiar dá údarás inniúil agus go mbeidh siad faoi réir fhorleas an údaráis inniúil roimh ré; agus iii) cruthaíonn an CPL cás teagmhais mainneachtana iarbhír amháin ar a laghad (i.e. cás de chineál 1, 2 nó 5 nó teaghlaim díobh sin) agus cás teagmhais neamh-mhainneachtana “íon” iarbhír amháin (i.e. cás de chineál 3, 4 nó 6 nó teaghlaim díobh sin). Chun amhras a sheachaint, ní fhéadfaidh CPL níos mó ná dhá chineál cáis a chomhcheangal in aon chás iarbhír amháin.
16. Ba cheart do CPL measúnú breise a dhéanamh, bunaithe *inter alia* ar an liosta “*fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise*” (mar a leagtar amach i dTábla 1 in larscríbhinn), an gá cásanna breise iarbhír a chruthú do gach cineál cáis. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith mar phrionsabal ginearálta chun na tosca a léirmhíniú agus meastóireacht a déanamh ar an ngá atá leis na cásanna iarbhír breise a chruthú:
 - a) Infheidhmeacht aon cheann de na tosca maidir le saintréithe an CPL as a dtagann difríocht ábhartha sna nithe seo a leanas:
 - (i) Infhaighteacht nó úsáid beart aisghabhála;
 - (ii) Ord úsáide na mbeart aisghabhála;
 - (iii) Conair an fhorleata cailteanais (e.g. ó CPL chuig na comhaltaí imréitigh), a bheidh ag brath go mór ar na rialacha maidir le leithdháileadh cailteanais, a d’fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar thionscnamh an chailteanais (e.g. cascáid eile ag brath ar an tseirbhís a bhreithnítear, leithdháileadh difriúil cailteanais ag brath ar thionscnamh nó ar mhéid cailteanais infheistíochta, etc.);

(iv) Tionchar ar pháirtithe leasmhara;

- b) Ba cheart aghaidh a thabhairt, le cás aonair, ar fhothacar nó fothacar eintiteas a bheith ann de bharr a dtionchar ábhartha.

Chun amhras a sheachaint, beidh feidhm ag an mír seo fiú i gcás ina gcomhcheanglaíonn an CPL dhá chineál cáis in aon chás iarbhír amháin.

17. Ina theannta sin, agus meastóireacht á déanamh aige ar an ngá atá leis na cásanna breise iarbhír a chruthú, ba cheart do CPL a áirithiú, mar a leagtar amach i dTreoirlíne 2, go gcuirfear cumhdach cuimsitheach ar gach cineál agus ar gach foinse riosca ábhartha ar fáil ina raon cásanna de phlean téarnaimh.
18. Féadfaidh CPL na bearta téarnaimh gaolmhara a thástáil trí úsáid a bhaint, *inter alia*, as liosta na “*huirlisí measúnaithe cainníochtúil*” a áirítear le haghaidh gach cineál cáis (mar a leagtar amach i dTábla 1 san Iarscríbhinn) chun tionchair chainníochtúla a chruthú do na cásanna.
19. Féadfaidh CPL cásanna breise nach sonraítear sna Treoirlínte seo atá curtha in oiriúint do shainiúlachtaí agus d’oibríochtaí an CPL a áireamh ina phleananna téarnaimh.

Treoirlíne 2: Cineálacha agus foinsí riosca atá le cumhdach le cásanna de phlean téarnaimh CPL

20. Ba cheart do raon na gcásanna a bhaineann le plan téarnaimh CPL cumhdach cuimsitheach a sholáthar ar gach “cineál agus foinse riosca ábhartha”. Chun críocha na dTreoirlínte seo, ba cheart “cineálacha agus foinsí riosca ábhartha” a thuiscint mar chineálacha agus foinsí riosca (agus na teaglaim is sochreidte díobh) a d’fhéadfadh difear mór a dhéanamh d’fhóntacht airgeadais nó d’inmharthanacht oibríochtúil an CPL agus a chruthódh cásanna struis ollmhóra, agus iad fós sochreidte, a sháródh bearta maolaithe riosca an CPL a cheanglaítear faoi EMIR (i.e. uirlisí bainistithe riosca “gnó mar is gnách”, amhail athruithe ar pharaiméadair riosca, méadú ar ráthaíochtaí, teorainneacha trádála, etc.), agus a d’fhéadfadh cumas an CPL a fheidhmeanna criticiúla a chomhlíonadh a chur i mbaol.
21. Dá bhrí sin, ba cheart do CPL measúnú a dhéanamh ar cé acu de na cineálacha agus na foinsí riosca, ón liosta thíos, atá ábhartha maidir leis an CPL, agus ba cheart dó a áirithiú go gcumhdaíonn a raon cásanna maidir leis an bplan téarnaimh na cineálacha agus na foinsí riosca uile a ndéanann an CPL measúnú orthu mar “cineálacha agus foinsí riosca ábhartha”:
- a) Riosca dlíthiúil;
- b) Riosca creidmheasa;
- c) Riosca leachtachta;

- d) Riosca ginearálta gnó;
- e) Riosca maidir le coimeád;
- f) Riosca socraíochta;
- g) Riosca infheistíochta;
- h) Riosca oibriúcháin (lena n-áirítear riosca calaoise agus cibear-riosca);
- i) Riosca sistéamach;
- j) Riosca comhshaoil agus aeráide;
- k) Riosca margaidh:
 - o Nasctha le gluaiseachtaí margaidh;
 - o Nasctha leis an laghdú ar infhaighteacht an mhargaidh (méideanna intrádála, infhaighteacht agus toilteanas contrapháirtithe margaidh a thrádáil).
- l) Aon eintiteas idirnasctha nó soláthraí seirbhíse idirnasctha (ina n-aonar nó i dteannta a chéile), lena n-áirítear:
 - o Comhaltaí imréitigh agus cliant, idir dhíreach agus indíreach;
 - o Eisitheoirí comhthaobhachta nó sócmhainní infheistíochta;
 - o CPLanna idir-inoibritheacha;
 - o Taisclanna lárnacha urrús;
 - o Córais íocaíochta;
 - o Córais socraíochta urrús;
 - o Gníomhaithe nostro;
 - o Bainc taisceánaigh;
 - o Bainc socraíochta;
 - o Bainc chomhchruinnithe;
 - o Bainc íocaíochta;
 - o Soláthraithe leachtachta;
 - o Grúpeintitis;

- Soláthraithe seirbhíse eile a gceanglaítear orthu feidhmeanna criticiúla a chomhlíonadh le linn gnó mar is gnách nó le linn cásanna bainistíochta mainneachtana.

Treoirlíne 3: Prionsabail chun méid na gcásanna de phlean téarnaimh CPL a chinneadh

22. Ba cheart do CPL a áirithiú go gclúdódh cásanna a phlean téarnaimh na cásanna a bheadh níos mó ná bearta maolaithe riosca an CPL faoi EMIR (i.e. gnó mar ghnáthuirlisí bainistithe riosca) de dheasca a thromchúisí atá siad, agus go gcuirfeadh siad inmharthanacht an CPL i mbaol mura ndéanfar aon ghníomhaíochtaí téarnaimh.
23. I ndáil leis sin, ba cheart cásanna an phlean téarnaimh a dhíriú ar an méid seo a leanas:
- a) Cásanna de chaillteanais airgeadais i ngeall ar theagmhais mhainneachtana ar mhéid a thomhlódh acmhainní tríd an cascáid a sháraíonn na hacmhainní réamh-mhaoinithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 43(2) de Rialachán Tarmligthe 153/2013 nó ina mbeadh teipeanna i ndéanamh gnó mar ghnáthuirlisí bainistithe riosca;
 - b) Cásanna ina ngintear riachtanais leachtachta atá os cionn na méideanna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán Tarmligthe 153/2013, lena mbaineann teipeanna i gcur i gcrích gnó mar ghnáthuirlisí bainistithe riosca nó ina n-úsáidtear toimhdí éagsúla maidir le riachtanais leachtachta nó infhaighteacht acmhainní a ghineann leibhéal struis níos airde dá bharr;
 - c) Cásanna de chaillteanais airgeadais i ngeall ar theagmhais neamh-mhainneachtana ar dócha go n-ídeoidh siad cion suntasach de mhéid an chaipitil a cheanglaítear chun caillteanais neamh-mhainneachtana a chumhdach arna ríomh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe 152/2013.
24. Thairis sin, maidir le riosca oibriúcháin:
- a) Níor cheart go gcumhdódh cásanna an phlean téarnaimh na cásanna athléimneachta oibríochtúla a chumhdaítear cheana leis na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha a cheanglaítear le hAirteagal 34 de EMIR (Beartas Leanúnachais Gnó, Plean Téarnaimh Tubaiste, Anailís Tionchair Gnó, Bainistiú Géarchéime). Mar sin féin, ba cheart a áireamh i gcásanna an phlean téarnaimh, má mheastar iad a bheith ábhartha, cásanna ina sárófar na bearta athléimneachta uile atá mar chuid de na beartais agus na nósanna imeachta a cheanglaítear le hAirteagal 34 de EMIR, rud a fhágann go dteipeann ar cheann amháin nó níos mó d'fheidhmeanna criticiúla an CPL a sháraíonn an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 17(6) de Rialachán Tarmligthe 153/2013;
 - b) Thairis sin, ba cheart go gcumhdódh cásanna an phlean téarnaimh na héifeachtaí riosca sistéamacha a eascraíonn as teagmhais riosca oibriúcháin a dhéanann difear d'eintitis ar soláthraithe seirbhíse iad don CPL.

Treoirlíne 4: Faisnéis atá le cur san áireamh sa tuairisc ar chásanna de phlean téarnaimh CPL

25. Chun a áirithiú go mbeidh raon cásanna an phlean téarnaimh, arna mhionsonrú ag CPL, ábhartha agus oiriúnach ar an iomlán, ba cheart é a bheith d'aidhm ag CPL an fhaisnéis is gá a chur san áireamh i gcásanna a phlean téarnaimh chun cur síos a dhéanamh ar na himthosca agus ar na cineálacha agus na foinsí riosca ábhartha a d'fhéadfadh cumas an CPL a fheidhmeanna criticiúla a chomhlíonadh a chur i mbaol. I ndáil leis sin, féadfaidh an CPL an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh agus cur síos á dhéanamh aige ar na cásanna, agus raon éagsúil na gcásanna á gcur san áireamh:
- Áirítear leis sin éifeachtaí tánaisteacha an cháis a d'fhéadfadh teacht chun cinn fad is atá an riosca ábhartha;
 - Más foinsí riosca iad cineálacha éagsúla eintiteas, conas a shainaitnítear iad agus conas a d'fhéadfaidís iad a chomhcheangal nó a idirghníomhú;
 - caillteanas airgeadais, easnamh leachtachta, bagairt ar inmharthanacht oibríochtúil;
 - Níor cheart na cineálacha agus na foinsí nó an riosca ábhartha amháin a shainaithint sa chás ach ba cheart go mbeadh sé d'aidhm aige freisin a shonrú conas a d'fhéadfadh na rioscaí teacht chun cinn;
 - Aon sainghnéithe sonracha a bhaineann leis an gcás maidir le conair an iomadaithe caillteanais i ndáil leis an CPL nó leis na geallsealbhóirí a ndéantar difear dóibh a eascraíonn as leithscaradh, imfhálú nó aon rial oibríochtúil a dhéanann difear do chonair an iomadaithe caillteanais;
 - Aon chlásail shonracha eile nó aon ghnéithe dlíthiúla eile de rialacha oibríochtúla an CPL nó den chreat dlíthiúil náisiúnta is gá a chur san áireamh sa chás sin;
 - Aon bhacainní nó imthosca a d'fhéadfadh bacainní praiticiúla substaintiúla a chruthú ar bhearta téarnaimh a chur chun feidhme.

Treoirlíne 5: Cothabáil cásanna a bhaineann le pleananna téarnaimh CPL

26. Ba cheart do CPL a chásanna plean téarnaimh a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta, de réir Threoirlínte 1-4, gach uair a dhéanfaidh an CPL athbhreithniú ar a phlean téarnaimh i gcomhréir le hAirteagal 9(9) de CCPRRR.

VI. Iarscríbhinní

Tábla 1: Maitrís chun raon cásanna de phlean téarnaimh CPL a fhorbairt

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
<p>1. Teagmhas mainneachtana is cúis le caillteanais airgeadais a iomadaíonn trí mhainneachtain i bhfoirm cascáide an CPL agus filleadh ar leabhar comhoiriúnaithe trí uirlisí deonacha margadhbhunaithe</p> <p><i>(Ba cheart go gcumhdódh an cás seo cás an CPL a bhfuil air caillteanais a iompar trína cascáid mar gheall ar chomhaltáid imréitigh agus/nó ar CPLanna idir-inoibritheacha a</i></p>	<p>a) An gá atá ann go n-ionsóidh an CPL caillteanais de bhreis ar na hacmhainní réamh-mhaoinithe arna gcalabrú le cásanna foircneacha ach sochreidte trína gcreat tástála struis, mar gheall ar líon níos airde mainneachtana ná an ceanglas faoi chumhdach 2, suaití níos airde ná costais shamhaltaithe nó leachtaithe phunanna na mainnitheoirí níos airde ná an samhaltú, nó acmhainní arna laghdú ag teagmhas roimhe sin nach ndearnadh a athshlánú go fóill.</p>	<p>d) Saintréithe a bheith ann maidir le struchtúr an chiste mhainneachtana, rialacha na cascáide nó na rialacha imfhálaithe is infheidhme as a dtiocfadh cosáin éagsúla iomadaithe caillteanais.</p> <p>e) I gcás ina bhféadfadh éifeacht mainneachtana ag eatraimh ama éagsúla difear éagsúil a dhéanamh don CPL i bhfianaise rialacha oibríochtúla an CPL agus iompraíochtaí féideartha comhaltáid imréitigh neamh-mhainneachtana.</p>	<p>g) Ba cheart do CPLanna úsáid a bhaint mar thúsphointe as creat na gcásanna tástála struis atá ann cheana, ós rud é gur cheart é a chur in oiriúint cheana féin do na táirgí a imréitíonn an t-eintiteas agus ba cheart dóibh suaitheadh margaidh sistéamach agus neamhghnách a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le strus.</p> <p>h) Agus úsáid á baint as an tacar de chásanna tástála struis atá ag CPL cheana, ba cheart don CPL modheolaíocht tástála</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
<p><i>mhainníonn n-íocaíochtaí.)</i></p>	<p>a</p> <p>b) An gá atá ann go ndéanfaidh an CPL acmhainní réamh-mhaoinithe a athshlánú.</p> <p>c) Aon chostas a thabhaítear le linn an phróisis, lena n-áirítear an próiseas bainistíochta mainneachtana nó aon chostais a eascraíonn as riachtanais leachtachta a bhainistiú.</p>	<p>f) An fhéidearthacht go mbeadh brú leachtachta ar fud an mhargaidh ag cur isteach ar infhaighteacht phras uirlisí deonacha margadhbhunaithe.</p>	<p>struis droim ar ais a úsáid chun na cásanna a mhéadú, cailleanais a d'fhéadfadh a bheith ann a chainníochtú agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mheasúnú.</p> <p>i) Féadfar an méid seo a leanas a chur san áireamh sa tástáil struis droim ar ais:</p> <ul style="list-style-type: none"> o Líon níos airde mainneachtana ná dhá cheann agus sraith níos leithne d'eintitis mainneachtana; o Suaití níos déine ná mar a shonraítear sa tacar cásanna tástála struis atá ann cheana; o Costais mhéadaithe ó leachtú na bpunann, i

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
			<p>ngeall ar thionchar níos airde ó leachtú an mhargaidh nó mar gheall ar dheacrachtaí maidir le suíomhanna a leithdháileadh le linn an phróisis bainistithe mainneachtana;</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Méaduithe ar dhéine toimhdí eile ar a bhfuil na cásanna struis ag brath, amhail riosca dímhaisithe.
<p>2. Teagmhas mainneachtana is cúis le caillteanais airgeadais le próiseas bainistithe mainneachtana a éilíonn úsáid socruithe éigeantacha riailbhunaithe (mar a leagtar amach i bplean téarnaimh an CPL) chun</p>	<p>a) Imeachtaí féideartha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bpróiseas bainistíochta réamhshocraithe as a dtiocfadh deacrachtaí leabhar comhoiriúnaithe a athbhunú nó na costais a bhaineann leis sin a</p>	<p>b) I gcás ina bhfuil difríocht ábhartha sna bearta aisghabhála, san ord úsáide, sa chonair iomadaithe nó sa tionchar ar pháirtithe leasmhara, ag brath ar fhoinse nó</p>	<p>d) Mar an gcéanna leis an gcineál cáis 1, ach tionchar na socruithe rialacha-bhunaithe éigeantacha a shamhaltú.</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
<p>leabhar comhoiriúnaithe athbhunú a</p> <p><i>(Tugann an cás seo aghaidh ar an gcás nach féidir le CPL leabhar comhoiriúnaithe a athbhunú trí uirlisí deonacha margadhbhunaithe agus is gá socruithe éigeantacha riailbhunaithe a úsáid amhail glaonna ar airgead tirim, gearradh gruaige corrlaigh athrúcháin, leithdháileadh éigeantach nó cuimilt suas conarthaí.)</i></p>	<p>mhéadú. Ba cheart dóibh an méid seo a leanas seo a leanas a chur san áireamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Oibleagáidí na gcomhaltaí imréitigh maidir leis an bpróiseas bainistithe mainneachtana; ○ An easpa riosca a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh le haghaidh punanna a chuirtear ar ceant; ○ Deacracht a d'fhéadfadh a bheith ann rochtain a fháil ar an margadh (e.g. i ngeall ar leachtacht an mhargaidh) do na suíomhanna imréitithe nó don 	<p>imthosca na saincheisteanna.</p> <p>c) Teagmhais riosca oibriúcháin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don phróiseas bainistithe mainneachtana.</p>	

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
	chomhthaobhacht, nó don dá rud.		
<p>3. Teagmhas neamh-mhainneachtana lena gcuirtear cosc ar an CPL a fheidhmeanna criticiúla a chomhlíonadh</p> <p><i>(Tugann an cás seo aghaidh ar chás teagmhais neamh-mhainneachtana a chuireann cosc ar an CPL leanúint de sheirbhísí a chur i gcrích.)</i></p>	<p>a) Imeachtaí oibríochtúla nó imeachtaí eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> o Gníomhaíochtaí imréitigh (e.g. a dhéanann difear do nuachan trádála); o Bainistiú comhthaobhachta (e.g. comhthaobhacht fála nó aisfhillteach). 	<p>b) An chaoi a ndéanfaí iad sin a mhaolú trí réitigh chúltaca.</p> <p>c) Conas a d'fhéadfaí tionchar a imirt ar chomhaltaí imréitigh nó ar BMAnna nasctha.</p>	<p>d) Úsáid a bhaint as breithiúnas saineolaithe chun measúnú a dhéanamh ar fhad ama an tsuaite agus ar thionchar BMAnna eile.</p> <p>e) Measúnú a dhéanamh an féidir filleadh ar an ngnáthshaol ina iomláine tar éis tréimhse neamh-infhaighteachta.</p> <p>f) Éifeachtacht maolaitheoirí amhail córais íocaíochta cúltaca.</p>
<p>4. Teagmhas neamh-mhainneachtana is cúis le cailteanais airgeadais</p>	<p>a) Cailteanais airgeadais a bhféadfadh tionchar láithreach nó iarchurtha a bheith acu ar an CPL nó ar a rannpháirtithe i ngeall ar</p>	<p>b) I gcás ina bhfuil struchtúr grúpa ann maidir leis na sraitheanna caipitil nó uirlisí atá ar fáil chun cailteanais a iompar, ba</p>	<p>g) Tá foinsí éagsúla na gcaillteanas neamh-mhainneachtana an-difreáilte agus d'fhéadfadh cineálacha éagsúla cur</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
<p>(Tugann an cás seo aghaidh ar chás teagmhais neamh-mhainneachtana arb é is cúis le caillteanais airgeadais ar dócha go n-ídeoidh sé sciar suntasach d'acmhainní caipitil an CPL.)</p>	<p>aon cheann de na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> o Caillteanais infheistíochta; o Caillteanais a eascraíonn as teipeanna na gcoimeádaithe urrús nó na mbanc socraíochta; o Caillteanais de dheasca calaoise, gadaíochta nó mí-iompair eile fostaithe agus/nó tríú páirtithe; o Caillteanais de thoradh cibirionsaithe; o Caillteanais ó chliseadh oibríochtúil nó ó chliseadh córas; o Rioscaí ginearálta gnó; 	<p>cheart cásanna sonracha a chruthú lena mbeartaítear teipeanna a d'fhéadfadh a bheith ann i gcur i gcrích comhaontuithe grúpa, gealltanais conarthach, ráthaíochtaí tuismitheora nó forálacha ábhartha eile (i gcomhréir le hAirteagal 9(13) de CCPRRR).</p> <p>c) I gcás ina bhfuil difríocht ábhartha sna bearta aisghabhála, san ord úsáide, sa chonair iomadaithe nó sa tionchar ar pháirtithe leasmhara, ag brath ar fhoinse nó imthosca an chaillteanais.</p> <p>d) I gcás inarb infheidhme, oibleagáidí comhaltaí imréitigh i dtéarmaí leithdháileadh caillteanais</p>	<p>chuige a bheith ag teastáil ina leith.</p> <p>h) Féadfaidh CPLanna anailís ar chnámha scéil a úsáid le breithiúnas saineolach chun meastachán a dhéanamh ar chaillteanais neamh-mhainneachtana a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chásanna atá foircneach ach sochreidte a eascraíonn as na foinsí éagsúla riosca.</p> <p>i) D'fhéadfadh sé gur mhian le CPLanna úsáid a bhaint as ionsamhlú géarchéime agus as cleachtadh tástála struis chun a mheas an mbeadh na cineálacha cur chuige atá molta acu maidir le caillteanais neamh-mhainneachtana a iompar go hiomlán agus maidir le</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
	<ul style="list-style-type: none"> o Aon chaillteanas neamh-mhainneachtana eile is infheidhme maidir leis an CPL. 	<p>le haghaidh cineálacha sonracha rioscaí caillteanais neamh-mhainneachtana.</p> <p>e) Aon chineál eile cistithe tríú páirtí (e.g. árachas), ag smaoineamh ar bhearnaí cistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann, moilleanna nó teipeanna in íocaíochtaí amach.</p> <p>f) Uirlisí margadhbhunaithe chun an CPL a athchaipitliú, agus a n-iontaofacht ionchasach i gcásanna strusmhara.</p>	<p>hathchaipitliú an CPL cuimsitheach agus inchreidte.</p>
5. Teagmhas mainneachtana is cúis	<p>a) Easnaimh leachtachta a d'fhéadfadh a bheith mar</p>	<p>c) Uirlisí a bheith ann a úsáidtear mar chuid den</p>	<p>d) Tástáil struis droim ar ais leachtachta ag baint úsáide</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
<p>le heasnamh leachtachta</p> <p><i>(Tugann an cás seo aghaidh ar chás teagmhais neamh-mhainneachtana arb é is cúis le caillteanais airgeadais ar dócha go n-ídeoidh sé sciar suntasach d'acmhainní caipitil an CPL.)</i></p>	<p>thoradh ar líon níos airde mainneachtana de chomhaltáí imréitigh ná dhá shuaitheadh margaidh atá níos airde ná mar atá samhaltaithe ag creat tástála struis an CPL nó costais leachtaithe phunanna mhainnitheora níos airde ná iad samhaltaithe.</p> <p>b) Riachtanais leachtachta maidir le cistiú oibríochtúil agus méaduithe féideartha ar na riachtanais sin i ngeall ar mhainneachtain comhalta imréitigh.</p>	<p>chreat leachtachta “gnó mar is gnách” a bhfuil a infhaighteacht ag brath ar thríú páirtithe, ar ghrúpeintitis nó ar rochtain ghinearálta ar mhargaí airgeadais agus a mbeadh tionchar ábhartha ag cliseadh na n-uirlisí sin ar chumais bainistithe leachtachta an CPL.</p>	<p>as prionsabail chomhchosúla mar a thuairiscítear in uirlisí cainníochtúla chineál chás 1 chun riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ann a ríomh.</p> <p>e) Anailís ar chnámha scéil chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag cliseadh na n-uirlisí leachtachta a úsáidtear sa chreat bainistithe riosca leachtachta a bhíonn ag brath ar thríú páirtithe, ar ghrúpeintitis nó ar rochtain ghinearálta ar mhargaí airgeadais.</p> <p>f) Measúnú riosca agus anailís ar chnámha scéil ar BMAnna, ar sholáthraithe</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
			seirbhíse agus ar eintitis idirnasctha.
<p>6. Teagmhas neamh-mhainneachtana is cúis le heasnamh leachtachta</p> <p><i>(Tugann an cás seo aghaidh ar an gcás ina bhfuil teagmhas neamh-mhainneachtana a chruthaíonn easnamh leachtachta a sháraíonn an gnó mar ghnáthuirilís bainistithe leachtachta.)</i></p>	<p>a) Easnaimh leachtachta arna nginiúint mar thoradh ar eintiteas a d'fhéadfadh cliseadh mar gheall ar chúiseanna airgeadais nó oibríochtúla ón liosta a sholáthraítear i dTreoirlíne 2 lena ngintear suaitheadh leachtachta don CPL dá thoradh.</p> <p>b) Riachtanais leachtachta maidir le cistiú oibríochtúil agus méaduithe féideartha ar na riachtanais sin mar gheall ar chliseadh eintiteas dá bhforáiltear i dTreoirlíne 2.</p>	<p>c) Go bhfuil níos mó ná eintiteas amháin ann ón liosta a chuirtear ar fáil i dTreoirlíne 2 a mbeadh tionchar leachtachta ábhartha ar an CPL dá gclisfeadh ar a n-oibriú.</p> <p>d) Uirlisí a bheith ann a úsáidtear mar chuid den chreat leachtachta “gnó mar is gnách” a bhfuil a infhaighteacht ag brath ar thríú páirtithe, ar ghrúpeintitis nó ar rochtain ghinearálta ar mhargaí airgeadais agus a mbeadh tionchar ábhartha ag cliseadh na n-uirlisí sin ar</p>	<p>f) Tástáil struis droim ar ais leachtachta ina n-úsáidtear prionsabail chomhchosúla mar a thuairiscítear in uirlisí cainníochtúla chineál chás 1 (cé is moite de ghnéithe na dtástálacha struis droim ar ais a thugann tuairisc ar chomhaltaí imréitigh mainneachtana) chun riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ann a ríomh.</p> <p>g) Anailís ar chnámha scéil chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag cliseadh na n-uirlisí leachtachta a úsáidtear sa chreat bainistithe riosca</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
		<p>chumais bainistithe leachtachta an CPL.</p> <p>e) Difríochnaí sna bearta téarnaimh atá ar fáil, san ord úsáide nó sa tionchar ar pháirtithe leasmhara a bhraitheann ar an gcineál eintitis nó teagmhais a ghineann an t-easnamh leachtachta.</p>	<p>leachtachta a bhíonn ag brath ar thríú páirtithe, ar ghrúpeintitis nó ar rochtain ghinearálta ar mhargaí airgeadais.</p> <p>h) Measúnú riosca agus anailís ar chnámha scéil ar BMAnna, ar sholáthraithe seirbhíse agus ar eintitis idirnasctha.</p>
<p>7. Teagmhas/teagmhais is cúis le caillteanais mhainneachtana agus neamh-mhainneachtana san am céanna</p> <p><i>(Tugann an cás seo aghaidh ar an staid ina bhfuil caillteanais mhainneachtana agus neamh-mhainneachtana chomhthráthacha mar thoradh ar theagmhas</i></p>	<p>a) An chaoi a n-íomprófaí an dá chonair iomadaithe caillteanais (trí bhíthin na cascáide le haghaidh caillteanais mhainneachtana agus trí chaipiteal an CPL le haghaidh caillteanais neamh-mhainneachtana)</p>	<p>b) I gcás ina bhfuil eintitis shonracha ann atá ina bhfoinsí ábhartha caillteanas mainneachtana agus neamh-mhainneachtana araon, d'fhéadfadh cásanna sonracha lena ndéantar anailís ar éifeachtaí teagmhas</p>	<p>e) Teaglamaí uirlisí ó chineálacha cásanna 1, 2, 3 agus 4.</p>

Cineálacha Cásanna	Saincheisteanna agus gnéithe nach mór a mheas agus an cás á thógáil	Fachtóirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chruthú cásanna breise	Uirlisí measúnaithe cainníochtúla
<p><i>aonair nó mar thoradh ar theagmhais iolracha a tharlaíonn i dtréimhse ama laghdaithe.)</i></p>	<p>agus a d'fhéadfadh teacht le chéile.</p>	<p>mainneachtana a dhéanann difear do na heintitis sin a bheith ábhartha.</p> <p>c) I gcás ina n-iompródh comhaltaí imréitigh caillteanais neamh-mhainneachtana a mbeadh tionchar acu ar chonair an iomadaithe caillteanais.</p> <p>d) I gcás ina mbeidh difríochtaí ábhartha idir teaglaim éagsúla de theagmhais mhainneachtana agus de theagmhais neamh-mhainneachtana maidir leis na huirlisí atá ar fáil, úsáid uirlisí, conairí caillteanas nó tionchar ar gheallsealbhóirí.</p>	

